



Comhairle Chontae na Gaillimhe  
Galway County Council

# **Plean Straitéise maidir le Tithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas 2017-2020**

*15 Meitheamh 2017*

---

**CLÁR AN ÁBHAIR****LEATH.**

---

Achoimre Feidhmiúcháin	3
Buneolas	6
Cuspóir agus Sprioc	13
Plean Straitéise	14
Aidhmeanna	15
Constaicí	16
Riachtanas Tithíochta	17
Rólanna agus Freagrachtaí in Earnáil na nDaoine faoi Mhíchumas	18
Éileamh	22
Cur i gcrích agus Modhanna Soláthair	28
Ábhar Dúshláin	31
Deiseanna	33
Úsáid na Teicneolaíochta	33
Dearadh Uilíoch	34
Gníomhartha maidir leis an Straitéis a chur i bhFeidhm	34
Tráthchlár & Modhanna Athbhreithnithe	36
Aguisín A	37

## Achoimre Feidhmiúcháin

---

### Maidir leis an bPlean Straitéise

Bíonn an rogha tithíochta ag an gcuid is mó de na daoine atá faoi mhíchumas an-chúng mar gheall ar riachtanais cóiríochta de chineálacha faoi leith. De réir Dhaonáireamh na bliana 2016, bhí 12.6 % de dhaonra Chontae na Gaillimhe faoi mhíchumas agus cuid mhór ina gcónaí i gcóir tithíochta nach raibh oiriúnach. Is é seo an chéad phlean de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá dírithe ar dhaoine faoi mhíchumas nach bhfuil teacht acu ar thithíocht oiriúnach, daoine ina measc ar mian leo athrú amach as institiúidí cónaitheacha go dtí árais cónaithe i measc an phobail. Tá d'aidhm leis an bplean go gcuirfí feabhas ar thithíocht shóisialta ionas go bhféadfadh daoine áras cónaithe oiriúnach a bheith acu leis an gcúnamh a theastaíonn uathu le maireachtáil i measc an phobail.

### Oibriú le chéile

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tugtha do dhaoine faoi mhíchumas a bheith lárnach maidir leis an mbeartas tithíochta. Rinneadh an plean seo a chur le chéile i gcomhar le:

- ranna leithrinnte, caipitil agus measúnachta na Comhairle;
- seirbhísí Fheidhmeanna na Seirbhíse Sláinte (FSS) maidir le míchumas meabhairshláinte, míchumas fisiceach agus míchumas intleachta;
- cumainn a bhaineann le cúrsaí míchumais go háirithe nó le cúrsaí tithíochta go ginearálta; agus
- soláthraithe seirbhíse do dhaoine faoi mhíchumas.

Leagtar amach sa Straitéis an ról agus an cion tairbhe a ghabhann le gach ceann de na grúpaí seo, go háirithe ról na comhairle maidir le pleanáil straitéise agus obair comhordúcháin i ndáil le tithíocht shóisialta a chur ar fáil agus ról an FSS maidir leis na seirbhísí cúnta a chuirtear ar fáil. Tá an Straitéis ina chuid de chlár oibre náisiúnta níos ginearálta d'fhonn a chur ar chumas dhaoine atá faoi mhíchumas a bheith páirteach i ngnáthshaol an phobail.

Tá Grúpa Stiúrtha maidir le Tithíocht agus Daoine faoi Míchumas curtha ar bun ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun ceannródaíocht a dhéanamh maidir leis an Straitéis seo a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.

### Ábhar an phlean?

Sonraítear sa phlean na bealaí ina dtabharfaidh an Chomhairle faoi chóiríocht a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. Tugtar cur síos ar na riachtanais tithíochta neamhshásaithe i gcás an dreama seo agus déantar bealaí ina bhféadfaí freastal níos fearr ar na riachtanais sin leis na gnáthmhodhanna soláthair tithíochta a chíoradh. Ar an rud is tábhachtaí, moltar meitheal feidhmiúcháin lena mbainfidh réimse iomlán na n-eagraíochtaí a bhaineann le hábhar ionas gur féidir cuidiú le teacht ar sheifteanna atá fóirsteanach do dhaoine faoi mhíchumas i ndáil le cúrsaí tithíochta.

## **Cur chuige atá dírithe ar an duine**

Tá réime leathan de riachtanais agus de mhianta éagsúla ag daoine faoi mhíchumas agus ní mór cur chuige atá dírithe ar an duine agus gníomhaíocht chomhordaithe.

## **An Fhadhb a Scaoileadh**

Ní gnáthrud go dtí seo mórán eolais a bheith ar fáil faoi leibhéal agus chineál an riachtanais tithíochta gan sásamh ag daoine faoi mhíchumas. Tionsaítear na sonraí atá ar fáil sa straitéis seo agus dírithe aird ar bhearnaí atá san fhaisnéis atá ar fáil.

Tá achoimre ar fáil sna táblaí agus sna léaráidí sa Straitéis ar líon na ndaoine faoi mhíchumas agus ar na riachtanais tithíochta. Ón Liosta Feithimh reatha maidir le Tithíocht i gContae na Gaillimhe agus ón Liosta Aistriúcháin (i ndáil le tionóntaí tithíochta sóisialta reatha) a bhaintear an t-eolas.

Tarlaíonn sonraí maidir le ceisteanna sláinte fisiciúla agus sláinte meabhrach gach duine faoi leith a úsáideann seirbhísí a cheapadh tríd an bpróiseas pleanála taca atá ag gníomhaireachtaí cúnta do dhaoine gan dídean i gContae na Gaillimhe. Baintear úsáid as na sonraí sin mar threoir maidir leis an gcúnamh a chuirtear ar fáil do dhaoine aonair an tráth sula socraítear tionóntacht oiriúnach dóibh agus ina dhiaidh sin. Déantar na sonraí ar fad a chur ar chóras PASS, bunachar sonraí náisiúnta i gcomhar maidir le cliaint.

Is é is dócha gur ardú atá i ndán ar líon na ndaoine faoi mhíchumas ar mian leo maireachtáil go neamhspleách in áras cónaithe a fhóireann dóibh agus féachtar le meastachán a thabhairt ar an líon sin faoin Straitéis.

## **Conairí maidir le tithíocht fhóirsteanach**

Sonraítear sa Straitéis na conairí atá ag daoine faoi mhíchumas maidir le hártais fhóirsteanacha a fháil.

Áirítear orthu sin:

- 1. Tionóntacht tithíochta sóisialta (áras ar cíos ón gComhairle nó ó Chomhlacht Ceadaithe Tithíochta (AHB));**
- 2. Tithíocht oiriúnach a fháil ar cíos san earnáil phríobháideach; agus**

### **3. Áras an úinéara a chóiriú go mbíonn fóirsteanach do na riachtanais.**

#### **1) Tithíocht shóisialta oiriúnach a chur ar fáil**

Déantar scrúdú faoin Straitéis ar na daoine atá i dteideal dul ar an Liosta Feithimh maidir le Tithíocht Shóisialta bunaithe ar an ioncam teaghlaigh agus an bhfuil nó nach bhfuil a gcuir riachtanas á sásamh ag an áras cónaithe. Tá leagtha amach faoi Straitéis Thithíocht Shóisialta an Rialtais 2020 aonaid breise tithíochta sóisialta a chur ar fáil, meascán d'árais nuathógtha, d'árais a cheannaíonn an chomhairle, d'árais faoi chuid V agus d'árais Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe san áireamh, chomh maith le hárais tithíochta arna gcur ar fáil ar léasanna fadtéarmacha le húinéirí príobháideacha. Beidh tábhacht leo seo mar fhoinse tithíochta ag daoine a bhfuil bacanna suntasacha orthu ó thaobh gluaiستهachta.

Moltar freisin mar chuid den Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011-2016 go gcoinneodh na hÚdaráis Áitiúla árais ar leataobh do Dhaoine faoi Mhíchumas. Tugtar mionsonraí sa Straitéis seo maidir le dúthracht Chomhairle Chontae na Gaillimhe ina leith sin. Moltar sa Straitéis chomh maith go mbeadh aird níos mó ar chúrsaí dearthóireachta ionas go dtugtar riachtanais dhaoine atá faoi mhíchumas san áireamh an tráth a mbíonn árais á dtógáil nó athchóiriú á dhéanamh orthu. Moltar chomh maith go mbeadh baint ag an tionónta ionchais leis an bpróiseas dearthóireachta nuair is féidir sin.

#### **2) Earnáil na n-áras príobháideach ar cíós**

I gcás roinnt daoine faoi mhíchumas, is féidir cóiríocht leordhóthanach a fháil, go ceann tamaill ar a laghad, in earnáil na n-áras príobháideach ar cíós. Ina ainneoin sin, tá deacrachtaí móra ag baint hearnáil na n-áras príobháideach ar cíós faoi láthair, mar shampla, ganntanas mór ó thaobh soláthair, teorainneacha maidir le liúntas cíosa agus droch-chaighdeáin tithíochta. D'fhéadfadh go mbeadh scéim nua na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta, a thiocfaidh in ionad scéim an Fhorlónadh Cíosa in am trátha, ina chúnamh ag níos mó daoine teacht ar chóiríocht phríobháideach ar cíós ar phraghas inacmhainne.

#### **3) Obair chóiriúcháin ar áras**

Is in áras faoi úinéireacht an teaghlaigh atá cónaí ar an gcuid is mó de na daoine faoi mhíchumas agus d'fhéadfadh an t-áras sin a bheith mí-oiriúnach tar éis don mhíchumas a theacht i dtreis. Le blianta beaga anuas, cheadaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe iarratais éagsúla ar dheontais maidir le hathchóiriú tithíochta. Cheadaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe 295 deontas maidir le hathchóiriú tithíochta i ndáil le hárais atá faoi úinéireacht an áitritheora i rith na tréimhse 2015 – 2016.

## **Bearta cúnta pearsanta oiriúnacha**

Tugtar cuntas sa Straitéis seo ar na bearta cúnta pearsanta a mbíonn riachtanas ag daoine faoi mhíchumas leo más leo maireachtáil in áras cónaithe dá gcuid féin. Riachtanais leighis atá i gceist le cuid de na bearta cuntas seo ach is bearta taca sóisialta an chuid is mó acu a mbíonn gá le cistíocht ó FSS ina leith. Déantar an leas a bheadh as gairis teicneolaíochta a chíoradh chomh maith. Anuas air an méid sin, admhaíonn an Chomhairle go gcaithfear oibriú níos dlúth le gníomhaireachtaí oiriúnacha eile chun a chur ar chumas dhaoine atá ag maireachtáil in institiúidí athrú amach i measc an phobail. Ní mór an comhoibriú seo freisin a bheith ag freastal do dhaoine atá faoi mhíchumas agus ar mian leo áras cónaithe an teaghlaigh a fhágáil agus maireachtáil go neamhspleách.

## **An Plean Straitéise a chur i bhFeidhm**

Tá bearta éagsúla tugtha chun suntais ag an nGrúpa Stiúrtha atá freagrach as an Straitéis seo a chur le chéile a mbeidh príomhthábhacht leo mar spriocanna agus mar nithe a ndéanfar athbhreithniú ina leith le linn an straitéis seo a chur i bhfeidhm.

Tiocfaidh na spriocanna seo faoi scáth ceithre cinn de réimsí ginearálta maidir lena dtabhairt i bhfeidhm:

- 1) An Straitéis a chur i nGníomh
- 2) Soláthar tithíochta atá níos cóiriúla do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn
- 3) Monatóireacht a dhéanamh maidir leis an teacht atá ar an tithíocht atá ar fáil
- 4) Feabhas a chur ar na bearta cúnta atá ar fáil do dhaoine atá i gcall tithíochta

Leis na bearta príomhthábhachta seo, sonrúfar na nithe is ceart do Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus dá cuid páirtneirí a dhéanamh ionas gur féidir le daoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách. Díritear aird freisin ar bunriachtanas atá le cur chuige slánchóirithe idirghníomhaireachtaí chun sin a thabhairt i gcrích agus dóthain acmhainní lena dhéanamh.

---

## **Buneolas**

---

Leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas (NHSPWD) 2011 - 2016, agus sa Chreat Náisiúnta Forfheidhmiúcháin ina leith, bearta áirithe a bhfuil gá leo ag na geallsealbhóirí éagsúla chun a chinntiú go mbíonn roghanna tithíochta den ghnáthchineál ar fáil ag daoine faoi mhíchumas. Cuireadh síneadh go dtí an bhliain 2020 leis an tráthchlár maidir leis an Straitéis NHSPWD faoi Éire a Atógáil, Plean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine.

Rinneadh an dúthracht maidir le forbairt na straitéise a leagan amach sa Chomhaontú Páirtnéireachta, "I dTreo 2016", agus bonn treise a chur faoi i ráiteas na

bliana 2007 faoin mbeartas tithíochta, "Tithe Baile a Sheachadadh, Pobail a Chothabháil". Admhaíodh in "I dTreo 2016" gur lú an rogha a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas go minic maidir le soláthar dá gcuid riachtanais tithíochta agus cóiríochta agus moladh Straitéis a leagan amach mar bheart tús áite. I Ráiteas an Rialtais faoin mBeartas Tithíochta a foilsíodh i mí Mheitheamh 2011, seastar leis an Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas mar chuid de chreat tionscnamh chun soláthar do riachtanais tithíochta theaghlaigh atá i mbaol nó faoi mhíbhuntáiste. Admhaítear sa Ráiteas freisin an réimse tionscnamh atá ar fáil chun freastal do riachtanais dhaoine faoi mhíchumas, bearta cúnta faoin Scéim Cúnaimh Caipitil san áireamh chomh maith leis na scéimeanna deontais maidir le cóiriú tithíochta, agus an gá atá le torthaí níos fearr a thabhairt i gcrích do theaghlaigh atá i mbaol nó faoi mhíbhuntáiste nó a bhfuil riachtanais speisialta acu an tráth céanna a mbaintear an tairbhe is fearr is féidir as na hacmhainní a infheistítear.

### **An Straitéis maidir le Tithíocht Shóisialta 2020**

Leagtar an Straitéis maidir le Tithíocht Shóisialta 2020 amach de réir trí cinn de cholúin; baineann gealltanais cur leis an soláthar i ndáil le tithíocht shóisialta bhuan leis an gcéad cholún acu sin. Cuirtear bonn leis an Straitéis faoi 35,000 aonad nua a cheannach i rith na mblianta idir 2015 agus 2020; aontaíodh spriocanna bliantúla maidir le líon na n-aonad a chuirfí ar fáil don bhliain 2015 agus na blianta ina dhiaidh sin i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla agus leis na Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe. Is cuid lárnach d'aisling an Rialtais maidir le cúnaimh breise tithíochta a chur ar fáil go mbeadh ról níos mó ag na comhlachtaí AHB.

### **Éire a Atógáil – Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine (Iúil 2016)**

Luaitear sraith geallúintí sa Straitéis Tithíochta is deireanaí de chuid an Rialtais lena leagtar amach an dóigh a bhfuil i gceist Tithíocht Shóisialta a chur ar fáil chun freastal do riachtanais na ndaoine faoi mhíchumas atá ar liostaí feithimh tithíochta ar fud na tíre. Tá d'aidhm leis an bPlean Gníomhaíochta:

- Freastal do na riachtanais atá ag daoine scothaosta nó ag daoine faoi mhíchumas a bhfuil cónaí orthu in árais tithíochta sóisialta
- Cúnaimh saindírithe a chur ar fáil maidir le tithe príobháideachas, leis an Deontas Cóiriú Tithíochta, Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta
- Cur ar chumas dhaoine scothaosta agus dhaoine faoi mhíchumas leanúint ag maireachtáil go neamhspleách níos faide ina n-áras cónaithe féin agus freastal chomh maith d'fhilleadh níos luaithe ó thréimhsí in ospidéal

- Leanúint de chúnamh a thabhairt maidir le haistriú dhaoine atá faoi mhíchumas as láithreacha comhchónaithe go mbíonn ina cónaí i measc an phobail trí chaipiteal tithíochta a chur ar fáil don chúram sin ar leithligh

## **An Straitéis Náisiúnta Míchumais**

Seoladh an Straitéis Náisiúnta Míchumais sa bhliain 2004 mar threisiú leis na polasaithe agus leis an reachtaíocht reatha lena n-áirítear: An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998, an tAcht um Stádas Comhionann 2000, an tAcht Comhionannais 2004, an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 agus polasaí an Rialtais maidir le gnáthchuid a dhéanamh de sheirbhís a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas sna gníomhaireachtaí Stáit a chuireann seirbhísí ar fáil do shaoránaigh go ginearálta. Bhain ceithre ghné leis an Straitéis Náisiúnta Míchumais:

1. An tAcht Míchumais, 2005;
2. An tAcht um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 2007;
3. Pleananna earnála – éilíodh faoin Acht Míchumais ar shé cinn de Ranna Rialtais, lena n-áirítear an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) pleananna earnála a chur le chéile;
4. Clár infheistíochta ilbhliantúil.

Faoin Acht Míchumais 2005, ní mór do chomhlachtaí poiblí a chinntiú go dtugtar daoine faoi mhíchumas san áireamh leis an ngnáthsholáthar seirbhísí agus na bearta cúnta is gá chun freastal dó sin a chur ar fáil.

Leagtar amach i ngach Plean Earnála na bearta lena gcinntítear teacht a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar sheirbhísí poiblí ardchaighdeáin a bhíonn ina mbonn treise faoi roghanna a dhéantar sa saol agus faoi thaithí saoil. Leagtar amach i bPlean Earnála an DHPCLG, a cuireadh le chéile i gcomhairle le daoine atá faoi mhíchumas, na bearta a dhéanfadh an DHPCLG agus na húdaráis áitiúla chun feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus leagtar síos aidhmeanna náisiúnta agus treoirlínte maidir le teacht ar sheirbhísí agus teacht i láthair in áiseanna foirgníochta. Luaitear bearta chomh maith i ndáil le cóid foirgníochta agus pleanála, láithreacha oidhreachta agus comhlachtaí poiblí a thagann faoi choimirce na Roinne.

## **Is iad na príomhchuspóirí de chuid an Plean a bhaineann leis an Straitéis seo:**

- Teacht ar thithíocht agus ar chóiríocht oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas a spreagadh agus a éascú;



- Leasú de réir na linne a dhéanamh ar na caighdeáin a leagtar amach i gCuid M de na Rialacháin Foirgníochta náisiúnta, maidir le hÁisiúlacht do Dhaoine faoi Mhíchumas; agus soláthar a dhéanamh d'éifeachtúlacht breise maidir le forfheidhmiú na gcaighdeán sin;
- A chinntiú go mbíonn teacht ag daoine faoi mhíchumas ar eolas maidir le seirbhísí an údaráis áitiúil agus teacht den chineál céanna ar eolas faoi sheirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil agus comhlachtaí eile a thagann faoina coimirce;
- A chinntiú go mbíonn ardleibhéal tuisceana ag an lucht foirne ar riachtanais dhaoine atá faoi mhíchumas.

### **Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Dhaoine faoi Mhíchumas**

D'aontaigh Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an Coinbhinsiún maidir le Cearta Dhaoine faoi Mhíchumas agus an Prótacal Roghnach a ghabhann leis i mí na Nollag 2006. Shínigh Rialtas na hÉireann an Coinbhinsiún i mí Márta 2007. Féachtar leis an gCoinbhinsiún lena chinntiú go mbíonn deis, ar aon dul go díreach le daoine eile, ag daoine faoi mhíchumas teacht ar thithíocht, a n-áit cónaithe a roghnú chomh maith leis an ionad agus an comhlúadar lena maireann siad agus go mbíonn teacht acu ar na bearta cúnta is gá chun cuidiú le maireachtáil i measc an phobail agus lena bheith dlúthpháirteach sa phobal.

Tagraítear in Airteagal 19 do mhaireachtáil go neamhspleách agus dá bheith dlúthpháirteach sa phobal. Luaitear go n-admhaíonn na páirtithe leis an gCoinbhinsiún go bhfuil de cheart ag gach duine faoi mhíchumas maireachtáil i measc an phobail mar atá ag aon duine eile, agus an rogha céanna le gach duine eile a bheith acu, agus go ndéanfar bearta cuí éifeachtúla chun leas iomlán as an gceart sin ag daoine faoi mhíchumas a éascú chomh maith lena mbeith ina ndlúthchuid den phobal agus rannpháirteach ann, lena n-áirítear an méid seo a leanas a chinntiú:

- (a) Go mbíonn deis ag daoine faoi mhíchumas a n-ionad cónaithe a roghnú chomh maith leis an áit ina maireann siad agus an comhlúadar a bhíonn leo ar aon dul le daoine eile agus nach mbíonn orthu maireachtáil de réir aon socrú cónaithe faoi leith;
- (b) Go mbíonn teacht ag daoine faoi mhíchumas ar réimse seirbhísí cúnta san áras cónaithe, seirbhísí cónaitheacha agus seirbhísí pobail eile, lena n-áirítear an cúnadh pearsanta atá de dhíth ionas gur féidir cónaí i measc an phobail agus a bheith dlúthpháirteach ann agus gur féidir aonraiceas agus dealú ón bpobal a sheachaint;
- (c) Go mbíonn seirbhísí pobail agus áiseanna don phobal i gcoitinne ar fáil ar an dul céanna ag daoine faoi mhíchumas ar bhealach lena ndéantar freastal dá gcuid riachtanas".

Tá rún ag an Rialtas Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Dhaoine faoi Mhíchumas a dhaingniú ach an gá atá lena chinntiú go bhfuil na coinníollacha

reachtaíochta agus polasaí ar fad faoin gCoinbhinsiún á sásamh roimh ré a thabhairt san áireamh.

### **Tuarascáil an Ghrúpa Oibre maidir le Láithreacha Comhchónaithe**

D'ullmhaigh grúpa oibre ar a raibh ionadaíocht ag soláthraithe seirbhíse, lucht féinabhcóideachta, scátheagraíochtaí dhaoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí agus lucht úsáid seirbhísí, an Roinn Sláinte agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, agus a bhí faoi chathaoirleacht FSS, athbhreithniú maidir le riachtanais na gcliant a bhfuil cóiríocht á cur ar fáil dóibh i láithreacha comhchónaithe.

Shonraigh an grúpa oibre líon na láithreacha comhchónaithe agus sonraíodh go raibh níos mó ná 4,000 duine faoi mhíchumas ag maireachtáil i láithreacha dá sórt. Tiomsaíodh faisnéis, trí shuirbhéireacht mhion a dhéanamh, faoi na daoine a mhaireann i láithreacha comhchónaithe, faoin tseirbhís a chuirtear ar fáil dóibh, faoin saol atá acu, agus faoi na hacmhainní a infheistítear i gcur ar fáil na seirbhísí sin. Ba é comhairle an ghrúpa go ndéanfaí na daoine a aistriú ó láithreacha comhchónaithe go mbeidís ina gcónaí i measc an phobail.

Thug an Grúpa Láithreacha Comhchónaithe chun suntais go mbeadh an acmhainn tógála sa chomharsanacht cinniúnach maidir le toradh tairbheach a theacht i gcrích dóibh siúd a bheadh ag athrú amach i measc an phobail. Tagann san áireamh leis sin teacht a bheith acu ar na seirbhísí riachtanacha pobail e.g. iompar, oideachas, oiliúint, gníomhaíocht i rith an lae agus bearta cúnata eile a bhaineann leis an duine aonair faoi leith. D'fhoilsigh FSS Tuarascáil an Ghrúpa Oibre maidir le Láithreacha Comhchónaithe – *“Time to Move on from Congregated Setting”* – ar an 28 Meitheamh 2011.

### **Fís don Athrú – Tuarascáil an tSainghrúpa ar an mBeartas Meabhairshláinte.**

Sa bhliain 2006 a seoladh Fís don Athrú ina leagtar amach creatchóras gníomhaíochta maidir leis an bhforbairt a thabharfaí ar an tseirbhís meabhairshláinte go ceann tréimhse seacht nó deich de bhlianta. Moltar sa tuarascáil seanospidéil síciatrachta a dhúnadh agus athinfheistíocht a dhéanamh i seirbhísí meabhairshláinte ar na hacmhainní a bheadh ar fáil de bharr iad a dhúnadh. Tá straitéis tugtha chun cinn ag FSS maidir le deireadh de réir a chéile le daoine a thógáil isteach sna hospidéil atá ar oscailt i gcónaí agus leis na hothair a athlonnú i gcóiríocht i measc an phobail faoi mar a mholtar in Fís don Athrú.

Ó thaobh cúrsaí tithíochta, leagtar amach sraith moltaí sa tuarascáil d'fhonn freastal go críochnúil ar riachtanais na ndaoine atá faoi mhíchumas meabhairshláinte. Áirítear orthu sin cóir a dhéanamh maidir le teacht cuí a bheith ar thithíocht agus cineálacha oiriúnacha tithíochta a chur ar fáil atá incheannaithe, chomh maith le córas a chur ar bun lena seachnófaí cás ina bhfágfaí duine atá faoi mhíchumas meabhairshláinte gan dídean. Luaitear sa tuarascáil freisin gur cheart an teacht ar thithíocht ag daoine faoi mhíchumas meabhairshláinte a bheith ar aon dul leis an teacht atá ag aon saoránach eile agus

cuirtear in iúl gurb é a fheictear nach mbeidh gá ag mórchuid na ndaoine atá faoi mhíchumas meabhairshláinte le cúram cónaitheach agus go mbeidh siad ábalta maireachtáil i dtithíocht den ghnáthchineál le leibhéal éagsúla cúnaimh. Leagtar béim ar an bhfreagracht maidir le tithíocht shóisialta a chur ar fáil a bheith ar an údarás áitiúil agus moltar socruithe caidrimh idir na húdaráis sin agus na seirbhísí meabhairshláinte a thabhairt chun cinn ionas go gcinntítear tithíocht oiriúnach a bheith á chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas meabhairshláinte.

## **An Chuspóir agus an Sprioc atá leis an Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas**

Leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas (NHSPWD) 2011-2016, a d'fhoilsigh an DHPCLG agus an DoH i gcomhar sa bhliain 2011, creatchóras ginearálta an Rialtais maidir le tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas a chur ar fáil trí na gnáthroghanna tithíochta. Rinneadh athdheimhniú ar an Straitéis faoi *Éire a Atógáil*, an Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine agus cuireadh síneadh leis go dtí an bhliain 2020 ionas go bhféadfaí leanúint ag tabhairt na n-aidhmeanna i gcrích.

An Ghníomhaireacht Tithíochta is mó chuireann cur i bhfeidhm na mbearta a shonraítear san NHSPWD 2011-2016 chun cinn agus sin le fo-ghrúpa sainiúil ar a bhfuil ionadaithe de chuid an DHPCLG, FSS, an DoH, Údaráis Áitiúla, an ICSH agus eagraíochtaí éagsúla a dhéanann ionadaíocht thar ceann dhaoine faoi mhíchumas. Tá cuid mhór oibre déanta chun tionscnaimh éagsúla a thabhairt i gcrích a threiseodh le soláthar nua d'árais tithíochta faoi leith do dhaoine faoi mhíchumas agus a dhéanfadh soláthar d'obair cóiriúcháin ar árais den stoc reatha.

Cuireadh Grúpa Monatóireachta maidir leis an gCur i bhFeidhm (IMG) ar bun chun monatóireacht agus tuairiscíocht a dhéanamh i ndáil leis an dul chun cinn. Déanfar síneadh seachas an tráthchlár a leagadh amach ar dtús a chur leis an Straitéis reatha ionas gur féidir leanúint ag tabhairt na n-aidhmeanna i gcrích. Mar chuid den chur i bhfeidhm maidir leis na haidhmeanna sin go forghinearálta, déanfar Plean Straitéise a leagan amach i ngach limistéar údarais áitiúil trína ndéanfar riachtanais tithíochta na ndaoine faoi mhíchumas go ceann cúig bhliana a shonrú agus aghaidh a thabhairt orthu. Tá na pleananna sin á dtiomsú faoi láthair ag an nGníomhaireacht Tithíochta d'fhonn dréacht de Phlean Straitéise Náisiúnta a chur le chéile a thabharfar chun críche i rith na bliana 2017. Beidh na pleananna seo ina lón eolais maidir leis an mbeartaíocht a dhéantar i leith soláthar faoi leith do dhaoine faoi mhíchumas ar an leibhéal áitiúil, mar shampla, coinníollacha maidir le háisiúlacht i ndáil le stoc nua den tithíocht shóisialta.

Treisiónn creatchóras NHSPWD freisin le polasaí an Rialtais maidir le dí-institiúideachas a bhfuil ceannródaíocht á dhéanamh ina leith ag an DoH agus ag FSS. Tá acmhainní suntasacha á gcur i leith an chláir sin ag FSS d'fhonn brostú leis an dul chun cinn agus tá cistíocht €10m á chur de leataobh ag an DHPCLG faoin Scéim Cúnaimh Caipitil (CAS) sa bhliain 2016, i ndáil go sonrach le cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas atá

ag aistriú ó láithreacha comhchónaithe.

Tá méadú ag teacht ar an tábhacht atá le ról CAS maidir le freastal do sholáthar tithíochta a bheith ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas go sonrach.

Léirítear sa tábla thíos tionscadail faoi chistíocht CAS atá ar bun ag Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe i gContae na Gaillimhe faoi láthair nó a tugadh chun críche le gairid.

<b>Comhlacht</b>	<b>Seoladh an Tionscadail</b>	<b>Catagóir na dTionóntaí</b>	<b>Tógáil nó Éadáil</b>	<b>Líon na nAonad</b>	<b>Costas Measta</b>
<b>Claregalway Housing Association</b>	<b>Baile Chláir</b>	<b>Daoine Aosta</b>	<b>Tógáil</b>	<b>14</b>	<b>€1,855,000</b>
<b>Mountbellew Housing Association</b>	<b>An Creagán</b>	<b>Daoine faoi Mhíchumas</b>	<b>Tógáil</b>	<b>3</b>	<b>€24,000</b>
<b>Mountbellew Housing Association</b>	<b>An Creagán</b>	<b>Daoine Aosta</b>	<b>Tógáil</b>	<b>2</b>	
<b>Clúid Housing Association</b>	<b>Béal Átha na Sluaighe</b>	<b>Daoine Aosta</b>	<b>Tógáil</b>	<b>17</b>	<b>€2,793,000</b>
<b>Clúid Housing Association</b>	<b>Leitir Fraic</b>	<b>Daoine faoi Mhíchumas</b>	<b>Tógáil</b>	<b>5</b>	<b>€2,963,000</b>
<b>Clúid Housing Association</b>	<b>Leitir Fraic</b>	<b>Daoine Aosta</b>	<b>Tógáil</b>	<b>8</b>	
<b>Peter Triest Housing Association</b>	<b>Béal Átha na Sluaighe</b>	<b>Daoine faoi Mhíchumas</b>	<b>Tógáil</b>	<b>4</b>	<b>€50,000</b>
<b>Clúid Housing Association</b>	<b>Leitir Fraic</b>	<b>Daoine gan Dídean</b>	<b>Tógáil</b>	<b>6</b>	<b>€2,793,000</b>
<b>Clúid Housing Association</b>	<b>Leitir Fraic</b>	<b>Daoine faoi Mhíchumas</b>	<b>Tógáil</b>	<b>5</b>	
<b>Respond Housing Association</b>	<b>Áth Cinn</b>	<b>Daoine gan Dídean</b>	<b>Éadáil</b>	<b>2</b>	<b>€95,000</b>

<b>Respond Housing Association</b>	Áth Cinn	Daoine Aosta	Éadáil	2	
<b>Tearmann Éanna Teo</b>	Ros an Mhíl	Daoine faoi Mhíchumas	Éadáil	6	€1,877,000
<b>Tearmann Éanna Teo</b>	Ros an Mhíl	Daoine Aosta	Éadáil	7	
<b>Tearmann Éanna Teo</b>	Indreabhán	Daoine faoi Mhíchumas	Éadáil	2	€355,000
<b>Tearmann Éanna Teo</b>	Indreabhán	Daoine Aosta	Éadáil	2	
<b>Tearmann Éanna Teo</b>	Ros an Mhíl	Daoine faoi Mhíchumas	Éadáil	2	€1,180,000
<b>Tearmann Éanna Teo</b>	Ros an Mhíl	Daoine gan Dídean	Éadáil	2	
<b>Tearmann Éanna Teo</b>	Ros an Mhíl	Daoine Aosta	Éadáil	4	
<b>Tuath Housing Association</b>	Béal Átha na Sluaighe	Láthair Chomhchónaithe	Éadáil	1	€366,000
<b>Peter Triest Housing Association</b>	Baile Átha an Rí	Láthair Chomhchónaithe	Éadáil	4	€405,000
<b>Respond Housing Association</b>	Tuaim	Láthair Chomhchónaithe	Éadáil	1	€242,000
<b>Respond Housing Association</b>	Tuaim	Láthair Chomhchónaithe	Éadáil	1	€184,000
<b>Respond Housing Association</b>	Tuaim	Láthair Chomhchónaithe	Éadáil	1	€238,000

De réir an tábla thuas, tá 101 aonad i gceist le tograí atá aontaithe faoi CAS agus meastar go mbeidh isteach is amach le 40% díobh sin ar fáil i mbliana agus go mbeidh fuílleach na n-aonad ar fáil i rith na bliana 2018.

Braitheann soláthar breise trí na Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe ar chistíocht CAS, ar áitribh oiriúnacha a bheith ar fáil agus ar an riachtanas leo.

	2017	2018	2019	2020
<b>Líon measta na nAonad AHB / CAS a chuirfear ar fáil</b>	40	60	20	20

---

## Cuspóir agus Sprioc

---

Is é atá d'aisling leis an Straitéis go socrófaí teacht ag daoine faoi mhíchumas ar an réimse cuí tithíochta agus ar na seirbhísí cúnta a ghabhann leis sin, arna gcur ar fáil ar bhealach slánchóirithe inbhuanaithe lena gcuirtear chun cinn comhionannas deiseanna, rogha an duine aonair agus maireachtáil go neamhspleách.

Bheadh á thuar, an tráth céanna a n-admhaítear na deacrachtaí ina leith sin, gur cheart go bhféadfaí sin a thabhairt i gcrích leis an Straitéis seo tríd an ngnáthchóras tithíochta.

Is é príomhspríoc atá leis an Straitéis riachtanais shonraithe na ndaoine faoi mhíchumas a shásamh go logánta, cibé an ina gcónaí i measc an phobail atá siad faoi láthair nó i láthair chomhchónaithe.

Seo a leanas ceithre aicme éagsúil míchumais a dtagraítear dóibh sa Straitéis:

- (a) Míchumas céadfach
- (b) Míchumas meabhairshláinte
- (c) Míchumas fisiceach agus
- (d) Míchumas intleachta & uathachas

Luaitear na cuspóirí straitéiseacha seo a leanas sa Chreat Náisiúnta Forfheidhmiúcháin

- Tabharfaidh Údaráis Tithíochta straitéisí sonracha chun cinn d'fhonn riachtanais shonraithe tithíochta dhaoine atá faoi mhíchumas fisiciúil, intleachta, meabhairshláinte agus céadfaíoch a shásamh go logánta. Tiocfaidh na straitéisí seo faoi anáil na dtorthaí ar bhearta measúnachta agus ar bhearta comhairliúcháin foirmeálta níos forleithne leis na gníomhaireachtaí reachtúla ábhartha, grúpaí lucht úsáide na seirbhísí agus eagraíochtaí a bhaineann le cúrsaí míchumais.
- Beidh na straitéisí seo ina ndlúthchuid de na Pleananna Seirbhísí Tithíochta ag na húdaráis áitiúla agus déanfar soláthar cóiríochta do dhaoine faoi mhíchumas a bhrostú agus a bhuanú leo ar gach modh cuí a bhaineann le córais soláthair tithíochta.

- Ag teacht leis an bhforbairt ar straitéisí sonracha tithíochta maidir le daoine faoi mhíchumas, déanfaidh údaráis tithíochta an cheist a mheas maidir le sciaranna áirithe de na haonaid a chur in áirithe chun freastal don riachtanas faoi leith a shonraítear maidir le gach straitéis faoi dhaoine faoi mhíchumas.

Tá i gceist go mbeadh an Straitéis seo ina dlúthchuid de Phlean Seirbhísí Tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ina cúis le soláthar cóiríochta do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a threisiú trí na modhanna cuí ar fad a oibriú chun tithíocht a chur ar fáil. Beidh an straitéis seo freisin ina bonn treise faoin bpleanáil straitéise níos fadtéarmaí.

An Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Cúrsaí Míchumais a d'ullmhaigh an cháipéis seo lena bhféachtar le riachtanais na Straitéise a chomhlíonadh agus eolas a chur ar fáil do Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus do sholáthraithe eile tithíochta a bheidh ina chabhair maidir le lón eolais agus treoir faoi thithíocht a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas go ceann na mblianta seo amach romhainn.

---

## Plean Straitéise

---

### An Aisling

Cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Páirtnéirí eile, trí phleanáil roimh ré agus le dearadh inbhuanaithe, le líon agus le feabhas na socruithe tithíochta atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas ionas go gcinntítear go mbíonn áras cónaithe atá oiriúnach dá gcuid riachtanas ar fáil ag daoine atá faoi mhíchumas leis na bearta cúnata is gá ionas gur féidir leo maireachtáil i measc an phobail.

### Misean

Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe comhionannas maidir leis an teacht ar thithíocht chun cinn trína chinntiú go mbíonn daoine faoi mhíchumas i gceartlár an aonaigh maidir leis an mbeartas tithíochta agus trí chumarsáid agus comhoibriú níos fearr a spreagadh idir na geallsealbhóirí ar fad a bhaineann le hábhar ó thaobh cúrsaí reachtaíochta agus beartaíocht dheonach.

### Luachanna

- **Ilchuimsitheacht:** Féachtar le daoine fásta, leanaí agus na teaghlaigh a thabhairt san áireamh leis an bpróiseas maidir le socrú tithíochta i ndáil leis an réimse iomlán cineálacha míchumais.

- **Nuáil:** Féachtar le leas a bhaint as teicneolaíocht de na cineálacha is nua chun feabhas a chur ar chaighdeán agus ar réimse na roghanna tithíochta a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas.
- **Comharobair:** Oibreofar go dlúth leis na geallsealbhóirí ar fad ó thaobh cúrsaí reachtaíochta agus ó thaobh obair dheonach de chun tithíocht agus seirbhísí cúnta a chur ar fáil mar atá dlite do dhaoine faoi mhíchumas.
- **Dearadh Inbhuanaithe:** Féachtar leis an gcoincheap maidir le Dearadh Uilíoch agus Árais atá Cóiriúil ag Cathaoir Rothaí a bheith ina dhlúthchuid den phróiseas dearthóireachta maidir le tithíocht.

---

## Aidhmeanna

---

1. Riachtanais tithíochta na ndaoine faoi mhíchumas i gContae na Gaillimhe a shonrú agus mapáil a dhéanamh orthu.
2. A chinntiú go mbíonn an soláthar maidir le roghanna tithíochta leordhóthanach chun riachtanais dhaoine faoi mhíchumas i gContae na Gaillimhe a shásamh.
3. Freastal do réimse leathan de sheifteanna tithíochta a chur ar fáil trí na modhanna soláthair reatha agus modhanna den nuáil a oibriú.
4. A chinntiú go mbíonn tús áite á thabhairt do riachtanais tithíochta dhaoine faoi mhíchumas ó thaobh cúrsaí dearthóireachta, dáileacháin agus bainistíochta, le linn chéim na pleanála maidir le tograí tithíochta a bhíonn á mbeartú, e.g. socruithe maidir le Cuid V agus tograí eile.
5. An nós oibre a chothú lena bhfágfaí, maidir le forbraíocht ilaonaid, go mbeadh an dearadh agus an phleanáil ar aonaid tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas ar an gcéad rud a thugtar san áireamh agus gur leis sin a leagfaí síos paraiméadair dearthóireachta maidir leis an scéim ina hiomláine.
6. Treoirínte a chur ar fáil lena mínítear agus lena léirítear an cur chuige maidir le dearthóireacht uilíoch i gcúrsaí tithíochta, eiseamláirí den sárchleachtas i bhfoirgníocht atá tugtha chun críche agus ábhar eile tagartha san áireamh.
7. An coincheap maidir le dearadh uilíoch agus tithíocht atá cóiriúil ag cathaoir rothaí a chur chun cinn agus a bheith ina ghnáthrud.



8. A chinntiú go mbíonn plean atá dírithe ar an duine leagtha amach i ndáil le gach duine atá ag athrú as láthair chomhchónaithe amach i measc an phobail sa chás go bhfuil réasún maith lena cheapadh go mbeidh áras tithíochta ar fáil.
9. A chinntiú go mbíonn seirbhísí cúnata ar fáil ag daoine faoi mhíchumas a d'fhéadfadh a bheith ina gcall.
10. Caidreamh thairbheach a chothú le gach gníomhaireacht reachtúil agus gníomhaireacht dheonach d'fhonn cur leis an gcraobhchaidreamh agus cumarsáid níos fearr a chothú.
11. Comharoibriú agus páirtnéireacht a spreagadh agus a chothú maidir le tithíocht a chur ar fáil.
12. Oibriú leis na soláthraithe seirbhíse ar fad ionas go gcinntítear an tábhacht chéanna á leagan ar gach réimse míchumais.
13. Oibriú le FSS chun a chinntiú go mbíonn na seirbhísí cúnata atá de dhíth á gcur ar fáil mar chuidiú maidir leis an tionóntacht in aon chás inar gá a leithéid.
14. Oibriú i gcomhar le gach gníomhaireacht reachtúil agus gníomhaireacht dheonach ionas go gcinntítear pleanáil chun cinn ina dhlúthchuid den soláthar seirbhíse.
15. Forbairt agus úsáid na socruithe piarthacaíochta trí chomhoibriú leis an earnáil dheonach do Dhaoine faoi Mhíchumas.
16. Plean forfheidhmiúcháin a ullmhú ina leagtar amach go mion an dóigh a gcuirfear bearta i gcrích agus an tráthchlár a mheastar a bheidh i gceist ina leith
17. Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an bPlean Straitéise d'fhonn an dul chun cinn foriomlán agus na torthaí a bhaintear amach a mheas.
18. Conairí maidir le maireachtáil neamhspleách a fhorbairt do dhaoine atá faoi mhíchumas meabhairshláinte

---

## Constaicí

---

Tá constaicí áirithe nach mór dul i ngleic leo ionas gur féidir an aisling agus na haidhmeanna a leagtar amach sa Straitéis a thabhairt i gcrích.

- Tá easpa leanúnachais maidir le soláthar tithíochta a bheadh oiriúnach incheannaithe ina bhac mór roimh thithíocht a chur ar fáil do dhaoine faoi

mhíchumas ar bhealach críochnúil. Anuas ar an méid sin, tá moill seachas mar a bhí leagtha amach faoin Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas sa bhliain 2011 ar thithíocht a chur ar fáil mar gheall ar dheacrachtaí maidir le sruthanna cistíochta ina leith.

- Róbhrú an-ghéar ar an margadh d'árais ar cíos.
- Mír éir idir leibhéil cíosa an mhargaidh faoi láthair agus na leibhéil maidir le Liúntas Cíosa/HAP.
- Is minic nach mbíonn glacadh ag tiarnaí talún i gcás chóiríocht phríobháideach ar cíos leis an obair chóiriúcháin/áiseanna cúnata/feistis a bhíonn de dhíth maidir le tionóntaí Liúntas Cíosa/HAP.
- Easpa buiséid do Sholáthraithe Seirbhíse do Dhaoine faoi Mhíchumas d'fhonn a chur ar a gcumas soláthar don leibhéal foirne is gá chun freastal do dhaoine faoi mhíchumas ag maireachtáil go neamhspleách i measc an phobail.
- Deacrachtaí/srianta maidir le seifteanna chun tithíocht shóisialta a chur ar fáil mar chuid de scéimeanna léasála.
- Fiú amháin sa chás go mbíonn Deontas Cóiriú Tithíochta ar fáil acu, is minic nach mbíonn teaghlach in acmhainn an costas d'fharasbarr air sin a mhaoiniú a bhaineann leis an gcóiriú a dhéanamh.
- Tá cur chuige níos comhtháite slánchóirithe de dhíth maidir le hobair na Ranna Rialtais a oibríonn le daoine faoi mhíchumas agus lena muintir, mar shampla an Roinn Sláinte, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus an Roinn Coimirce Sóisialaí, ionas go ndéantar dul chun cinn maidir le spriocanna an Phlean Straitéise seo agus leis an Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Tá ábhar mór dúshláin ag baint le haonraiceas sóisialta dhaoine faoi mhíchumas taobh istigh de phobal comharsanachta a sheachaint. Ní mór bearta foirmeálta cúnata a chur i bhfeidhm, ar aon dul leis na tionscadail ar mhaithe le Caidreamh Pobail in earnáil na Meabhairshláinte, chomh maith leis an gceangal neamhfhoirmeálta a bhaineann le gach beart forbraíochta tithíochta agus pobail, ionas go gcinntítear go mbaineann gach saoránach le dlúth agus inneach sóisialta an phobail.
- Cásanna a sheachaint ina mbeadh polasaithe pleanála agus forbraíochta ina n-údar le constaic roimh dul i ngleic le riachtanais tithíochta dhaoine faoi mhíchumas. Déanfaidh comhairliúchán an tráth a mbíonn polasaithe á gceapadh maitheas áirithe maidir leis sin a sheachaint.

---

## Riachtanas Tithíochta

---

Tugtar de shainmhíniú ar riachtanas tithíochta:

*“a mhéid atá oiread agus caighdeán na cóiríochta atá ar fáil faoi láthair gann i gcomórtas lena bhfuil de dhíth chun cóiríocht ar chaighdeán áirithe faoi leith, nó níos fearr ná an caighdeán sin, a chur ar fáil do gach teaghlach nó don uile dhuine sa daonra, gan bheann ar a n-acmhainn íocaíochta ná ar roghanna pearsanta faoi leith.”*

Tá feidhm leis an sainmhíniú sin i ndáil le gach duine faoi mhíchumas.

Bíonn an mheasúnóireacht a dhéantar maidir le riachtanas dhuine faoi leith i ndáil le Cúnamh Tithíochta Sóisialta bunaithe ar easpa cumais an duine tithíocht a chur ar fáil as a chuid acmhainní nó a cuid acmhainní féin. Is ionann an riachtanas tithíochta agus an cineál tithíochta agus an riachtanas a ghabhann leis sin a theastaíonn ionas gur ligtear do dhuine maireachtáil i dtimpeallacht oiriúnach.

I gcás dhaoine faoi mhíchumas a mhaireann i láithreacha comhchónaithe, baineann dí-institiúideachas leis an athrú ó dhaoine faoi mhíchumas a chur ina gcónaí in institiúidí cónaitheacha, sa chás gur iondúil na seirbhísí ar fad a chur ar fáil ar an láthair, go dtí ionad cónaithe i measc an phobail. Fágann institiúidí móra cónaitheacha, cé gur iontu is fearr is féidir seirbhísí cúnata a chomhthiomsú, go ndéantar na daoine atá ina gcónaí iontu a dhealú ón bpobal agus ón ngnáthshaol sóisialta.

Is léir ó thoradh saothar taighde nach féidir caighdeán saoil ar an gcaighdeán céanna le roghanna eile atá bunaithe ar chónaí i measc an phobail a chur ar fáil in institiúidí den sórt sin.

Beidh riachtanais shonracha ag roinnt iarratasóirí agus ba chóir an tseirbhís a sholáthraítear a chóiriú de réir riachtanais shonracha den chineál sin de réir na dtreoirínte a chuireann an mheitheal ildisciplíne cliniciúil a bhaineann leis an gcás ar fáil faoi réir ag cistíocht a bheith ar fáil.

---

## Rólanna agus Freagrachtaí in Earnáil na nDaoine faoi Mhíchumas

---

### An Duine Aonair:

Ba cheart go mbeadh an deis ag daoine atá faoi mhíchumas a n-áit cónaithe, a n-ionad cónaithe agus an comhlúadar lena maireann siad a roghnú ar aon dul le daoine eile.

Leagtar seo amach go soiléir sa Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas (NHSPWD).

Ar na príomhnithe a bhíonn le tabhairt san áireamh, tá:

- Suíomh na comharsanachta is rogha leis an duine,
- An ceangal leis an teaghlach agus le cairde,
- A chónaraí atá d'áiseanna áitiúla,
- An teacht ar an gcóras iompair poiblí,
- Sábháilteacht agus slándáil,
- Tithíocht áisiúil atá cóirithe go cuí.

Trí chur chuige atá dírithe ar an duine aonair i ndáil le tithíocht agus bearta cúnta oiriúnacha, cuirtear lánpháirtíocht agus rannpháirtíocht an duine faoi mhíchumas i ngnáthshaol na linne agus sa ngnáthphobal chun cinn. Cuireann teacht ar thithíocht fiúntas agus stádas leis an saol ag gach saoránach.

## **An Teaghlach**

Chomh maith leis an ról suntasach ó thaobh abhcóidíochta, is minic gurb ón teaghlach a thagann cúnaimh ar dtús maidir le cóiríocht chuí do dhuine faoi mhíchumas. Ní mór an deacracht a chuirtear roimh an teaghlach a admháil agus is rímhinic a bhíonn gá le cúnaimh ó na príomhghníomhaireachtaí páirtnéireachta. D'fhéadfadh gur obair chóiriúcháin i ndáil leis an teach, athrú tí, cúram faoisimh nó seirbhísí cúntóra pearsanta a bheadh i gceist le cúnaimh den sórt sin.

Ní mór sláinte an uile dhuine den teaghlach a thabhairt san áireamh. Fiú amháin sna cásanna ina dtarlaíonn aighneas, ba cheart an teaghlach a thabhairt san áireamh i gcónaí maidir le comhairliúchán faoi ghníomhartha beartaithe.

## **Na hÚdaráis Tithíochta**

Tá ról ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, ina hÚdarás Tithíochta di, maidir le cúnaimh tithíochta sóisialta a chur ar fáil don uile dhuine faoi mhíchumas atá ina theideal sin, ina measc daoine atá ina gcónaí go neamhspleách faoi láthair, lena muintir nó de réir socrú de chineál eile. Baineann an ról sin chomh maith le bearta cúnta neamhdhíreacha a chur ar fáil maidir le réimse na tithíochta, mar shampla infreastruchtúr pobail a thabhairt chun cinn atá oiriúnach, i.e. ceangal maidir le cúrsaí iompair, cúrsaí áisiúlachta ar leibhéal an phobail, cúnaimh comhshaoil ar leibhéal an phobail etc. I gcuid mhaith cásanna, beidh cúnaimh le cistíocht e.g. trí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) de dhíth ar dhaoine freisin. Is minic a tharlaíonn go mbíonn gá le cúnaimh ó réimse leathan seirbhísí atá bunaithe ar an bpobal chun cás duine a réiteach.

## **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**

Is ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) atá an fhreagracht ghinearálta faoin reachtaíocht as an mbainistíocht ar sheirbhísí sláinte agus cúraim agus ar sheirbhísí sóisialta pearsanta agus as a gcur ar fáil. Maidir le seirbhísí/cúnamh do dhaoine faoi Mhíchumas, déantar an fhreagracht a leagtar ar FSS a chomhlíonadh trí sheirbhísí a chuireann an eagraíocht ar fáil go díreach e.g. Cúnamh Baile agus anuas air sin, ar leibhéal ar díol suntais é, trí chistí a chur ar fáil d'eagraíochtaí neamhrechtúla (trí Shocruithe ar Leibhéal Seirbhíse) maidir le réimse seirbhísí a chur ar fáil thar a ceann e.g. Bráithre na Carthanachta, Ability West, Soláthraithe Seirbhísí Cúntóra Pearsanta.

Féachann FSS le cúnamh a thabhairt don uile dhuine atá faoi mhíchumas an saol is mian le a chaitheamh i dtimpeallacht ina mbíonn deiseanna maidir le rogha, forbairt phearsanta, caidreamh lán bhrí agus cosaint ar dhúshaothrú agus ar dhrochíde. Maidir le daoine a bhfuil cónaí orthu i láithreacha comhchónaithe, tá dí-institiúideachas ar an bpríomhchuspóir ag FSS, seastar go tréan lena n-aistriú go dtí seirbhísí pobail slánchóirithe ar mó den soicheall sóisialta atá ag rith leo, agus táthar dúthrachtach maidir lena chinntiú go mbíonn cúnamh gníomhach éifeachtúil ar fáil ag daoine faoi mhíchumas ionas go bhféadann siad saol lán bhrí a chaitheamh cóngarach dá ndaoine muinteartha agus ina gcuid den phobal. D'fhonn cloí leis an Straitéis seo agus í a choinneáil ar bun, ní mór don FSS a chinntiú go ndéantar cistíocht a bhfuil leithroinnt tugtha cheana uirthi a athrú sa chaoi is go ndéantar freastal do riachtanais na ndaoine atá ag athrú go dtí árais nua cónaithe.

## **An Ról atá leis an Rialtas Lárnach**

Is é ról atá leis an Roinn Sláinte i ndáil le seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas an creat beartais agus reachtaíochta a chur ar fáil ionas gur féidir forbairt straitéiseach, monatóireacht agus measúnóireacht a dhéanamh go leanúnach ar na seirbhísí sláinte agus ar na seirbhísí sóisialta a chuidíonn le daoine faoi mhíchumas maireachtáil i measc an phobail. Tagann oibriú in éineacht le Ranna eile Rialtais, le FSS agus le gníomhaireachtaí áirithe chun feabhas a chur ar shláinte agus ar fheabhas an tsaoil ag daoine i gceist leis sin.

Tá ról tábhachtach freisin leis na Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ó thaobh freagracht fhorghinearálta a bheith uirthi as an mbeartas tithíochta i ndáil le daoine faoi mhíchumas a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm, maidir leo sin atá ina gcónaí i measc an phobail agus leo sin a bheidh ag aistriú ó chúram institiúide i rith na mblianta seo romhainn.

## **Soláthraithe Seirbhíse**

Tagann soláthraithe reachtúla e.g. FSS agus neamhrechtúla e.g. Threshold i gceist leo seo. Áirítear ar na freagrachtaí plean tionscadail foriomlán a ullmhú in éineacht leis an té atá i gceist leis an bplean, eolas a chur ar fáil maidir le roghanna tithíochta, cúnamh a thabhairt don duine i ndáil le hiarratais ar chúnamh tithíochta forlíontach, teacht ar

chúnamh abhcóidíochta seachtrach, cúnamh maidir le socruithe tionóntachta, cúnamh ó thaobh cúram aire ar gá measúnacht agus sainsonrú ina leith. Ní mór do na soláthraithe seirbhíse páirt a ghlacadh freisin sna meithleacha forfheidhmiúcháin áitiúla agus aon chonstaic / deacracht maidir leis an aistriú agus maireachtáil go neamhspleách ag an duine i gcomhthéacs níos leithne a thabhairt chun suntais.

## **Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe**

Feidhmíonn na Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe ina soláthraithe tithíochta faoi na tionscnaimh a leagtar amach sa Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, faoi chórais a bhaineann leis an Scéim Cúnaimh Caipitil (CAS), le Léasáil nó le Ceannach. Ní mór don chliant a bheith ar liosta feithimh an údaráis tithíochta sular féidir áras a chur ina leith. I gcomhthéacs na Gaillimhe, cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe ainmneacha na gcliant ionchais faoi bhráid an AHB bunaithe ar an bhfad atáthar ar an liosta feithimh tithíochta ach riachtanais sonracha tithíochta, mar shampla míchumas, a thabhairt san áireamh.

Áirítear na Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe seo a leanas ar na comhlachtaí a oibríonn go dlúth le Comhairle Chontae na Gaillimhe;

Cairde Áras Mhic Dara Teo.  
*Clúid Housing Association*  
*Connemara Sheltered Housing*  
*Coolarne Voluntary Housing Project*  
*Cooperative Housing Ireland*  
Cuan Mhuire Teo  
*Galway County Association for Mentally Handicapped*  
*Homes for Dunmore*  
*Irish Society for Autism Limited*  
*John Paul Centre Housing Association*  
*Loughrea Mental Health Association*  
*Milltown Housing Association*  
*Mountbellew VHA Ltd*  
*North Connemara VHA Ltd*  
*Peter Triest Housing Association Limited*  
*Respond!*  
*South East Galway Housing Association*  
*St Vincent De Paul*  
Tearmann Éanna Teo  
*Tuam & District Mental Health Association*  
*Tuam Voluntary Housing Agency*  
*Tuath Housing Association*  
*Williamstown Housing Committee Ltd*

Tá stoc tithíochta níos mó ná 700 aonad ag na Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe atá ag obair i gContae na Gaillimhe faoi láthair, rud a dhéanann leas mór maidir leis an soláthar tithíochta sóisialta agus le freastal do riachtanais na ndaoine atá ar an liosta feithimh tithíochta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.

### **Lucht Forbraíochta Príobháideach**

Is féidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe, trí shocruithe leis an lucht forbraíochta faoi Chuid V, 10% de na hártais a bhaineann le forbraíocht príobháideach a cheannach. Bíonn na hártais sin ar fáil ina dhiaidh sin ag an gComhairle maidir lena ndáileadh ar dhaoine atá ar an liosta feithimh tithíochta.

### **Tusla – An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach**

Tá an ról atá le Tusla i ndáil leis an bpróiseas seo leagtha síos sa reachtaíocht (An tAcht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013) ina luaitear na cúraimí seo a leanas atá ceangailte go díreach le tithíocht agus le cúnamh cuí a chur ar fáil;

- Treisiú le forbairt, le leas agus le cosaint leanaí agus le feidhmiú éifeachtúil an teaghlaigh;
- Cúram agus cosaint a chur ar fáil do leanaí sa chás nach raibh ar chumas na dtuismitheoirí an cúram atá de dhíth ar an leanbh a chur ar fáil nó ar dócha nach mbeidh sin ar a gcumas. D'fhonn na dualgais sin a chomhlíonadh, éilítear ar an nGníomhaireacht na seirbhísí is gá a choinneáil ar bun agus a fhorbairt chun na bearta cúnata den sórt sin a chur ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh agus chun seirbhísí áirithe a chur ar fáil ar mhaithe le leas síceolaíochta na leanaí agus na dteaghlach;
- Freagracht as a chinntiú go bhfreastalaíonn gach leanbh sa Stát an scoil nó go dtéann an leanbh faoi oideachas ar bhealach eile, agus freagracht as seirbhísí leasa oideachais a chur ar fáil chun treisiú le tinreamh agus rannpháirtíocht an linbh ar scoil agus fadleanúnachas na scolaíochta agus chun monatóireacht a dhéanamh ina leith sin;
- A chinntiú gurb é leas an linbh is bunaidhm le gach cinneadh i ndáil le haon leanbh ar leith;
- Dul i gcomhairle le leanaí agus le teaghlaigh ionas gur féidir leosan cuidiú le cruth a chur ar pholasaithe agus ar sheirbhísí na gníomhaireachta;
- Treisiú le comhobair idir gníomhaireachtaí ionas go gcinntítear seirbhísí gan siúnta lena ndéantar freastal ar na riachtanais;
- Tabhairt faoi obair thaighde i ndáil le feidhmeanna na Gníomhaireachta agus eolas agus comhairle a chur ar fáil don Aire i ndáil leis na feidhmeanna sin; agus

- Seirbhísí a choimisiúnú i ndáil le seirbhísí linbh agus teaghlaigh a chur ar fáil.

## **Tusla agus Ról Tusla sa Chontae**

Bíonn isteach is amach le 320 leanbh faoi chúram Tusla i nGaillimh agus bíonn isteach is amach le 15-20 acu sin ina ndaoine faoi bhun 18 bliana d'aois atá faoi mhíchumas de chineál amháin nó níos mó ná aon chineál amháin den ceithre chatagóir a luaitear go sonrach sa Straitéis.

Cuireann Tusla i nGaillimh réimse Seirbhísí Fágála agus Seirbhísí Iarchúraim ar fáil. Tá de pholasaí acu daoine óga a chur faoi bhráid na seirbhíse sin ó bhíonn 16 bliana slán acu. Faoi láthair, tá an tSeirbhís Iarchúraim ag obair le timpeall is 100 ógánach, agus an chuid is mó acu sin ag dul faoi oideachas nó faoi oiliúint. Tá dream ann freisin atá ag streachailt le heaspa dídine nó le deacrachtaí maidir le cóiríocht chuí a aimsiú agus a choinneáil. Is lú ná deichniúr ógánach an líon sa dream sin atá faoi mhíchumas. Cuirtear an tSeirbhís Iarchúraim ar fáil go mbíonn bliain is fiche slán acu nó níos faide ná sin má bhítear ag dul faoi oideachas nó faoi oiliúint i gcónaí.

---

## **Éileamh**

---

Is féidir réamhthréimhse suntasach roimh ré a bheith i gceist le soláthar tithíochta agus is den bhuntábhacht go dtabharfaí san áireamh le gach plean soláthair an t-éileamh reatha maidir le cúrsaí tithíochta agus an t-éileamh atá á thuar. Tá tábhacht cinniúnach, ó thaobh na bainistíochta ar an riachtanas, leis an éileamh a thabhairt chun aire go luath chomh maith leis an riachtanas sonrach agus riachtanas an duine aonair. Ní mór dá bhrí sin, maidir leis na modhanna soláthair, aird a bheith ar chúrsaí éilimh.

Ní mór cur chuige aontaithe a bheith in úsáid lena dtugtar riachtanais ghinearálta agus riachtanais faoi leith san áireamh agus iad a thabhairt san áireamh maidir le gach mionteagasc dearthóireachta agus soláthair. Tríd sin a dhéanamh, is féidir éileamh na n-iarratasóirí reatha agus éileamh na n-iarratasóirí ionchais ar chúnamh tithíochta a shásamh.

Ní mór tosca áirithe a thabhairt san áireamh chun a chinntiú go sásaítear an t-éileamh leis an soláthar,



- Ba chóir sciar den soláthar tithíochta beartaithe a chur i leith shásamh an éilimh ó dhaoine faoi mhíchumas ar na Liostaí Feithimh Tithíochta roimh ré.
- Is féidir mionteagasc áisiúlachta a aontú agus a leagan amach mar chuid den lón eolais maidir le coinníollacha a bheadh ina gcuid d'aon tionscadal ón tús i.e. an rud is gá a thabhairt i gcrích leis an mionteagasc tionscadail ó thaobh áisiúlacht do dhaoine faoi mhíchumas, an dearadh ginearálta, líon na n-aonad, agus an dóigh ina dtabharfar sin i gcrích (Alt 27 san Acht Míchumais).
- Ba cheart go mbeadh aird i ngach mionteagasc ar riachtanais an duine aonair maidir le Maireachtáil i measc an Phobail


## An tÉileamh Reatha

Is féidir an t-éileamh reatha a ríomh ó fhoinsí éagsúla eolais agus briseadh síos cuimsitheach ar an éileamh a chur le chéile. Bíonn sonraí maidir le méid an aonaid, an suíomh, an dearadh agus aon riachtanais faoi leith eile san áireamh leis an mbriseadh síos ar an éileamh/riachtanas. Bíonn gné den mheastachán agus den réamhthuar i gceist freisin i ndáil leis an éileamh atá ag teacht chun cinn agus is iondúil gur féidir sin a mheas bunaithe ar mheánleibhéil i rith bhlianta roimh ré, cé nach féidir an t-ionad ina dtarlódh éileamh a thuar go sonrath. Seo a leanas an t-eolas a bhaineann le hábhar ónar féidir sonraí a bhaint.

## Na Liostaí Feithimh Tithíochta

Luaitear daoine faoi mhíchumas atá ar na liostaí feithimh maidir le tithíocht shóisialta sa tábla seo a leanas, gan daoine atá ag aistriú ó láithreacha comhchónaithe a áireamh;

	65+ bliain d'aois	Lagú Ainsealach Sláinte	An Lucht Siúil	Ginearálta	Iomlán
<b>Míchumas Fisiceach</b>	18	76	19	180	<b>293</b>
<b>Míchumas Céadfach</b>	1	2	3	9	<b>15</b>
<b>Míchumas Meabhairshláinte</b>	7	60	17	204	<b>288</b>
<b>Míchumas Intleachta</b>	1	27	4	38	<b>70</b>
<b>IOMLÁN</b>	27	165	43	431	<b>666</b>



### Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (AHBs)

Tá na Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe ag feidmiú go forbheartach mar gheall ar an éileamh agus ar phátrúin atá ag teacht chun cinn maidir leis an riachtanas.

### Liostaí Aistriú Tithíochta

Tá 2713 aonad i stoc tithíochta reatha Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Bíonn gá gach bliain le malairt cóiríochta do thionóntaí áirithe mar gheall ar mhíchumas nó ar ghortú agus an chóiríocht reatha a bheith mí-oiriúnach dá thoradh sin. Is féidir plé leis an éileamh sin de réir mar a thagann i gceist trí shocrú aistrithe sa chás go mbíonn cóiríocht oiriúnach ar fáil. Is lú costais a bhaineann le socrú aistrithe ná le hobair chóiriúcháin agus tarlaíonn uaireanta nach féidir obair chóiriúcháin a dhéanamh. Léirítear sa tábla thíos an liosta aistriúcháin reatha atá bunaithe ar an riachtanas maidir le daoine faoi mhíchumas amháin.

Catagóir	Iomlán
Míchumas Fisiceach	70
Míchumas Céadfach	4
Míchumas Meabhairshláinte	52
Míchumas Intleachta	6
<b>Iomlán</b>	<b>132</b>

### Daoine gan Dídean

Tá roinnt daoine a mbíonn plé ag Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean leo atá faoi mhíchumas agus tá míchumas meabhairshláinte ar an gcineál is minice ina measc. Leagtar amach eolas sa tábla thíos faoi na cliaint atá faoi mhíchumas a mbíonn plé ag Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean leo faoi láthair.

Catagóir	Iomlán
Míchumas Fisiceach	2
Míchumas Céadfach	1
Míchumas Meabhairshláinte	7
Míchumas Intleachta	2 (leanaí)
<b>Iomlán</b>	<b>12</b>

## Riachtanas Dhaoine faoi Míchumas a Thiocfaidh chun Cinn

Le hlarratasóirí maidir le Tithíocht agus le teaghlaigh atá tugtha chun suntais cheana féin ag Comhairle Chontae na Gaillimhe tríd an bpróiseas iarratais maidir le tithíocht shóisialta a phléitear sa Straitéis seo. Glactar leis go mbeidh breis riachtanais ag teacht chun cinn i gcónaí. Bunaítear an réamhthuar maidir le riachtanas a thiocfaidh chun cinn ar chásanna roimhe seo agus ar mheastacháin i ndáil leo siúd atá faoi bhun 18 bliana d'aois agus cúram á dhéanamh dóibh faoi láthair. Is den bhuntábhacht go mbeadh monatóireacht leanúnach á dhéanamh maidir le meastacháin agus le hiarratais d'fhonn a gcoinneáil cruinn beacht. Is féidir sin a bhaint amach trí na próisis seo a leanas;

- Pátrúin maidir le hiarratais tithíochta ó dhaoine faoi mhíchumas a tháinig chun suntais le bearta measúnóireachta roimhe seo ar an riachtanas tithíochta a dhearbhu.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar sonraí daonáirimh agus ar shonraí taighde eile, náisiúnta agus áitiúil, maidir le cúrsaí míchumais go sonrach.
- Monatóireacht a dhéanamh ar phátrúin maidir le hathruithe sóisialta.
- Comhoibriú le hearnálacha dhaoine faoi mhíchumas FSS i ndáil le daoine faoi bhun 18 bliana d'aois atá faoina gcúram agus riachtanas ionchais tithíochta ina leith.
- Oibriú i gcomhar le heagraíochtaí áitiúla do dhaoine faoi mhíchumas agus le dreamanna ionadaíochta
- Oibriú i gcomhar le comhlachtaí tithíochta ceadaithe go háitiúil agus go náisiúnta.

Is ó dhaoine faoi mhíchumas a thagann 25% ar an meán de na hiarratais tithíochta a dhéantar gach bliain.

## Comhairle Chontae na Gaillimhe An Riachtanas Ionchais Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Daoine faoi Chúram	Práinn Éigeandála / Luathbheartaíocht	Seirbhísí Lae lena mbainfidh Riachtanas Ionchais	Liostaí Feithimh maidir le Seirbhísí Cónaitheacha	Árais cónaithe reatha atá mí-oiriúnach mar gheall ar Mhíchumas	Socrúchán Mí-oiriúnach in Áras Altrachta	Óstlann Meabhairshláinte	Bardaí/Aonaid Cónaitheacha Géarchúraim Meabhairshláinte	MH Liostaí Feithimh maidir le Cúram Cónaitheach Meabhairshláinte	Eile	Iomlán
30	0	120		380*	10	137	3	0	0	680

\*Áirítear leis an bhfigiúr seo iarratasóirí ar dheontais, iarratasóirí ar aistriú agus 80 duine nach bhfuil iarratas curtha faoi bhráid acu go fóill

### Leanaí faoi Mhíchumas Fisiceach & Céadfach

De réir dhearcadh FSS (*Roinn na Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas - Príomhchúram, Cúram Pobail & Cúram Leanúnach*) ar an riachtanas ionchais i gContae na Gaillimhe, tá ardú ar líon na gcásanna casta Péidiatraice a ligtear an t-othar amach i measc an phobail. Bíonn cúram speisialtóireachta de dhíth i gcásanna den sórt sin, go mór mór comhairle lucht altrachta/leighis agus/nó Cúnamh Cúram Sláinte ó speisialtóirí.

Bíonn na riachtanais comhshaoil a bhaineann leis na leanaí is ábhar do na cásanna sin ceangailte lena chinntiú go mbíonn áras cónaithe an linbh sa riocht gur féidir freastal don trealamh leighis a mbíonn gá leis i ndáil leis an leanbh chomh maith leis an lucht foirne breise is gá a bheith i láthair chun an cúram leighis ardleibhéil atá riachtanach a chur ar fáil i measc an phobail.

### Deontais chun Tabhairt faoi Riachtanais sa Stoc Tithíochta inarb iad na hÚinéirí na hÁitritheoirí

Tarlaíonn go rialta go mbíonn riachtanas le hobair cóiriúcháin nó le malairt cóiríochta in árais arb iad na húnéirí atá ina gcónaí iontu. Ó thaobh an údarais tithíochta, is féidir sin a mheas de réir líon na n-iarratas a dhéantar gach bliain ar airgead faoi na scéimeanna seo a leanas;

1. An Scéim Deontais maidir le Cóiriú Tithíochta
2. An Scéim Deontais maidir le hÁiseanna Gluaisteachta

Leagtar amach sa tábla thíos líon na n-iarratas in aghaidh na bliana faoi na scéimeanna seo le dhá bhliain anuas agus is ar an eolas sin a bhunaítear an bonn tuisceana maidir le líon measta na n-iarratas i rith na mblianta atá romhainn a luaitear sa dara tábla.

Cineál an Deontais	2015	2016	Líon Iomlán
--------------------	------	------	-------------

Cóiriú Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas & Scéim na nDeontas d'Áiseanna Gluaisteachta	198	268	466
--	-----	-----	-----

### Réamh-mheastacháin go ceann 4 bliana (bunaithe ar mheánleibhéal i rith na gcúig bhliana roimh ré)

Cineál an Deontais	2017	2018	2019	2020
Cóiriú Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas & Scéim na nDeontas d'Áiseanna Gluaisteachta	165	165	165	165

### Láithreacha Comhchónaithe

Tá bunachar sonraí maidir le daoine aonair atá ag maireachtáil i láithreacha comhchónaithe agus i dtimpeallachtaí den chineál sin curtha le chéile ag an ngrúpa tionscadail náisiúnta maidir le cur i bhfeidhm na moltaí a luaitear sa tuarascáil faoi láithreacha comhchónaithe - *“Time to Move on from Congregated Settings - A Strategy for Community Inclusion”*. Déantar an bunachar sonraí sin a leasú gach ráithe agus beidh faisnéis ábhartha le baint as ag an nGníomhaireacht Tithíochta. Chomh maith leis sin, leagadh teimpléad faoi leith amach ina ndéantar na sonraí maidir le riachtanais tithíochta gach duine faoi leith a cheapadh amach.

Soláthraí Seirbhíse	Líon na nDaoine i Láithreacha Comhchónaithe faoi láthair	Líon na nDaoine a Aistrefar faoin mbliain 2019
Bráithre na Carthanachta	0	0
FSS / Seirbhísí Meabhairshláinte	0	0
<b>Iomlán</b>	<b>0</b>	<b>0</b>

### Bonn Tuisceana

Bhain beartaíocht fhorleiththeadach le sonraí a thiomsú maidir leis an Straitéis seo agus bhí siad bunaithe go mór ar an Measúnacht maidir le Riachtanais Tithíochta a tugadh chun críche le gairid. Mar chuid den bheartaíocht, cuireadh leis an tuiscint go raibh Straitéis maidir le Daoine faoi Mhíchumas á chur le chéile agus iarradh lón eolais ó na soláthraithe seirbhíse i gContae na Gaillimhe a mbíonn daoine faoi mhíchumas ar a gcuid cliant.

Le linn an Straitéis a chur le chéile, féachadh chomh maith le ceangal idir na gníomhaireachtaí deonacha agus na gníomhaireachtaí reachtúla a chothú trí fhreastal do mhalartú eolais idir na gníomhaireachtaí faoi chliant a bhfuil riachtanas tithíochta acu agus leas a bhaint as an mbonn eolais áitiúil atá cheana féin ag comhaltaí de chuid an Ghrúpa Stiúrtha maidir le cúrsaí Tithíochta agus Daoine faoi Mhíchumas agus na dreamanna níos forleithne lena mbaineann siad.

Agus an riachtanas iomlán maidir le daoine faoi mhíchumas sa Chontae á thomhas, baineadh leas as bonn tuisceana i ndáil le réimsí agus gnéithe éagsúla, ar a n-áirítear;

- Riachtanas atá ag teacht chun cinn maidir le hiarchúram, daoine a mbíonn tithíocht de dhíth orthu agus práinn éigeandála leis sin.
- Daoine fásta faoi mhíchumas atá ag maireachtáil i dteach a muintire.
- A bhfuil i ndán maidir le láithreacha comhchónaithe
- Rialacháin HIQA agus an tionchar a bhíonn acu ar roghanna tithíochta.
- Comhoibriú leanúnach agus malartú eolais.

---

## **Cur i gCrích agus Modhanna Soláthair**

---

### **Stoc an Údaráis Áitiúil**

Tá tuairim is 2,713 aonad tithíochta sóisialta i gContae na Gaillimhe agus sealbhú de chineálacha éagsúla i gceist leo. Ní mór do dhuine iarratas a dhéanamh leis an Údarás Áitiúil maidir le Cúnamh Tithíochta Sóisialta sula ndéantar a mheas maidir le

cúrsaí tithíochta.

Tá critéir áirithe nach mór a shásamh, iad seo a leanas ina measc:

- Ioncam faoi bhun an uasleibhéil a shonraítear,
- Easpa acmhainne tithíocht a chur ar fáil
- A bheith sa chás go meastar nach leor mar thithíocht an chóiríocht ina bhfuiltear faoi láthair.

Beidh cíós difreálach a bhaineann le cúrsaí ioncaim á íoc ag tionónta de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

D'fhonn an obair chóiriúcháin a mbeadh gá léi san am atá le theacht a laghdú oiread agus is féidir, beidh cineálacha den Dearadh Uilíoch in úsáid ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, a oiread agus is féidir, maidir le tithíocht shóisialta a chur ar fáil.

### **Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (AHBs)**

Tá Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe go mór i gceist faoin tráth seo maidir leis an gCúnamh Tithíochta Sóisialta a chuirtear ar fáil do dhaoine as gach earnáil den phobal. Tá roinnt Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a chuireann tithíocht ar fáil i gContae na Gaillimhe. Tugtar san áireamh leis sin cóiríocht de na cineálacha seo a leanas:

- Gnáth-thithíocht ghinearálta
- Cóiríocht do dhaoine scothaosta
- Tithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Cóiríocht do dhaoine atá gan dídean
- Tithíocht do dhaoine a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu

Cé go mbaineann Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe leas as cistí príobháideacha chun roinnt den fhorbraíocht agus den cheannachán a mhaoiniú, bíonn cistíocht mar seo a leanas ar fáil acu freisin ón Stát trí na hÚdaráis Áitiúla:

- Scéim Cúnaimh Caipitil
- Saoráil Caipitil maidir le Réamhléasáil
- Comhaontuithe maidir le hÍocaíocht agus le hÁrais a bheith ar Fáil

**Leagtar amach sa tábla thíos tionscadail a thug Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe i gcrích le tamall anuas do dhaoine faoi mhíchumas go sonrach**

<b>An Comhlacht Tithíochta</b>	<b>Ionad an Tionscadail</b>	<b>Catagóir na dTionóntaí</b>	<b>Líon na nAonad</b>
--------------------------------	-----------------------------	-------------------------------	-----------------------

Clúid Housing Association	Leitir Fraic	Daoine faoi Mhíchumas	5
Clúid Housing Association	Leitir Fraic	Daoine Aosta	8
Peter Triest Housing Association	An Gort	Daoine faoi Mhíchumas	3

### Tithíocht trí Stoc Tithíochta atá faoi Úinéireacht Phríobháideach a Léasáil

Cé nach chomh minic céanna a dhéantar tithíocht a chur ar fáil ar na bealaí sin do dhaoine faoi mhíchumas go sonrach, ní féidir neamhaird a dhéanamh ar a mhinice a dhéantar an t-éileamh ar Thithíocht Shóisialta a shásamh go ginearálta.

- **An Scéim maidir le Cóiríocht ar Cíos (RAS)** – lena ngabhann de choinníoll go mbeadh forlíonadh cíosa á fháil ar feadh 18 mí. Bhí 404 teaghlach i dtionóntachtaí RAS ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ag deireadh na bliana 2016. Áirítear orthu sin 110 teaghlach a d'aistrigh go dtí tithíocht dheonach faoin scéim RAS; i gcóiríocht phríobháideach ar cíosa a bhí fuilleach na dteaghlach.
- **An Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP)**– 388 teaghlach a bhí ar an scéim HAP ag Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi dheireadh na bliana 2016. Tá idirbheartaíocht ar siúl leis an Roinn Coimirce Sóisialaí i ndáil le 1,500 teaghlach atá ag fáil forlíonadh cíosa go fadtéarmach a aistriú de réir a chéile. Tíocfaidh roinnt daoine atá faoi mhíchumas san áireamh leis an bpróiseas sin.

Tá na roghanna sin ar fáil ag an uile dhuine atá i dteideal cúnaimh tithíochta sóisialta, iad siúd ina measc atá ag athrú as láithreacha comhchónaithe agus daoine a bhfuil tithíocht de dhíth orthu mar gheall ar chúrsaí míchumais/leighis..

### Comhairle Chontae na Gaillimhe Spriocanna maidir le Tithíocht a chur ar fáil

Éadail	Tógáil	Folamh	Cuid V	RAS/HAP/Léasáil	Eile
10%	20%	10%	20%	10%	Leanúint le deontais do dhaoine faoi mhíchumas agus leas a bhaint as dearadh uilíocht i gcomhréir leis na rialacháin tógála agus an chistíocht a chuirtear ar fáil

### Tionscnaimh maidir le Cúnaimh Tithíochta



Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) tugtha do chúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas maireachtáil ina n-áras cónaithe féin. Tugann FSS cúnamh do dhaoine ina n-áras féin go díreach nó trí chóiriú a dhéanamh do ghníomhaireachtaí seachtracha in earnáil na ndaoine faoi mhíchumas. Áirítear ar roinnt de na seirbhísí:

### **Cúntóireacht Phearsanta (PA)**

Tugann Seirbhísí Chuntóirí Pearsanta (PA) deis do dhaoine smacht a oibriú agus roghanna a dhéanamh maidir lena saol féin. Tá cúnamh PA ceaptha cuidiú le daoine oiread neamhspleáchais agus is féidir a fheidhmiú maidir le gnéithe éagsúla de riachtanais an tsaoil. Ní hé rud a dhéanamh ar son duine an meon a ghabhann le Cúntóireacht Phearsanta ach cúnamh a chur ar fáil don té sin maidir le réimsí éagsúla riachtanais, mar shampla: rannpháirtíocht sa phobal, teacht ar fhostaíocht/oiliúint/oideachas, an tÁras Cónaithe a rith, cúram pearsanta etc. Is seirbhís shochóirithe cúnata an tseirbhís PA agus is féidir a chóiriú ar bhealach faoi leith de réir riachtanais éagsúla gach duine den lucht úsáide.

Tá an leithdháileadh maidir le cúnamh PA á bhunú faoi láthair ar ord tábhachta a shocraítear de réir measúnacht a dhéanann FSS ar riachtanais dhaoine éagsúla agus ar airgead a bheith ar fáil chun freastal dóibh. IS féidir iarratas ar chúntóireacht phearsanta a dhéanamh trí cheann de na soláthraithe a bhfuil Comhaontú Seirbhíse idir iad agus FSS nó tríd an Roinn Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas nó go díreach leis an FSS go háitiúil.

### **Cúntóirí Baile**

Scéim a ritheann FSS féin go díreach is ea scéim na gcúntóirí baile. Féachtar le cuidiú le daoine a bhfuil cúnamh cúraim ar mheánleibhéal nó ar ardleibhéal de dhíth orthu leanúint ag maireachtáil go neamhspleách ina n-áras cónaithe féin. Bíonn cúnamh Cúntóirí Baile bunaithe ar uaireanta a chloig in aghaidh an lae de chúram díreach a chur ar fáil a chuidíonn leis an duine le gnáthchúraimí maireachtála an lae.

### **Seirbhísí Lae**

Cuireann FSS seirbhísí lae ar fáil go díreach trí chóras ar a dtugtar *New Directions*. Ní mór maolú áirithe ar an deighilt ghlan teacht a bheith acu ar na bearta cúnata is fearr a oireann dá gcuid riachtanas.

Spreagann an córas seo daoine atá faoi mhíchumas ionas go leanann siad ag tnúth agus ag dréim le cuid mhór uathu féin agus ón bpobal ina dtimpeall. Spreagtar teaghlaigh agus seirbhísí freisin go mbíonn de mheon acu dul i bhfiontar nuair is fiú an tairbhe sin. Spreagtar soláthraithe ionas go bhféachtar le torthaí níos fearr a bhaint as a gcuid seirbhísí reatha. Bíonn seirbhísí lae a chur ar fáil bunaithe ar mheasúnóireacht a dhéantar ar riachtanais an duine aonair agus ar na hacmhainní atá ar fáil chun riachtanais an duine

a shásamh. Is féidir iarratas ar sheirbhísí cúnta lae a dhéanamh leis an Soláthraí go díreach.

## **Seirbhís Faoisimh**

Bíonn cúnamh taca ar fáil trí sheirbhísí faoisimh ag daoine faoi mhíchumas trí chóiríocht shealadach a chur ar fáil ina mbíonn cúnamh acu. Cuirtear cúnamh taca ar fáil don duine agus dá dteaghlach leis an tseirbhís faoisimh. Is minic go mbíonn seirbhísí faoisimh a bheith ar fáil ag brath ar acmhainní chuige sin. Is iomaí slí inar féidir iarratas ar Fhaoiseamh a dhéanamh, e.g. An Mheitheal Príomhchúraim nó go díreach leis an soláthraí seirbhíse etc.

Cuireann Ability West agus Seirbhísí Bhráithre na Carthanachta i nGaillimh faoiseamh nach bhfuil bunaithe ar ionaid ar fáil maidir le daoine atá faoi mhíchumas intleachta, ar dhá bhealach, faoiseamh trí Sheal Cónaithe agus faoiseamh le Teaghlach ar Conradh.

## **Seal Cónaithe**

Is é atá i gceist leis seo go gcaitheann leanbh, ógánach nó duine fásta tamall le teaghlach óstála sa chomharsanacht. Déanann an tSeirbhís teaghlaigh óstála a earcú, a mheas, a thraenáil agus a mhaoirsiú chomh maith le cúnamh taca a chur ar fáil. Cuireadh an Scéim maidir le Seal Cónaithe ar bun i gcomhar le Ability West.

## **Teaghlaigh ar Conradh**

Tá cosúlacht idir Teaghlach ar Conradh agus teaghlach óstála. Éilítear ar theaghlaigh ar conradh socrúcháin a chur ar fáil do dhaoine ag a bhfuil riachtanas sonrath. Íoctar táille áirithíochta leis an Teaghlach ar Conradh agus is iondúil go gcuireann an teaghlach 16 seisiún in aghaidh na míosa ar fáil maidir le sos gairid agus faoiseamh ag teaghlaigh.

---

## **Ábhar Dúshlán**

---

Tá deacrachtaí éagsúla nach mór dul i ngleic leo chun an aisling a bhaineann leis an Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas a thabhairt i gcrích ach ní mór tabhairt faoin obair sin le meon misniúil agus, gan dóchas a nach féidir a thabhairt i gcrích a thabhairt do dhaoine, ní mór súil a bheith acu le rogha dáiríre faoin gcaoi ina gcaitheann siad an saol.

Tá tithíocht a sholáthar ina dhúshlán a chuirtear roimh an uile dhuine, óg agus aosta, ag

féachaint dóibh le cóiríocht oiriúnach a chur ar fáil más le cúnamh tithíochta sóisialta sin, ar mhargadh na n-áras príobháideach ar cíós nó trí úinéireacht phríobháideach árais. Ina dhiaidh sin is uile, i gcás roinnt dhaoine atá faoi mhíchumas, nuair atá teorainn lena dteacht isteach nó gá le hobair cóiriúcháin ar an áras, is mó arís an dúshlán a bhíonn le sárú.

Ní mór a thabhairt chun aire go dtarlódh i gcásanna áirithe, fiú dá mbeadh an t-áras is oiriúnaí aimsithe, nach mbeifí in ann an deis a thapú mar gheall ar easpa cúnamh maidir le maireachtáil go neamhspleách. Is gá sainmhíniú a leagan síos ar an gcineál cúnamh a theastaíonn i.e. cúnamh maidir le Cónaí Neamhspleách le Cúnamh, cúnamh maoirseachta, ní mór modhanna cúnata nua a bheith á sonrú seachas na córais seanbhunaithe maidir le háras agus le lucht foirne bunaithe ar bhearta oibre faoi leith. Ní mór solúbthacht ina leith sin i gcás na n-údarás tithíochta agus FSS. Féachtar, le tús na hoibre faoin Straitéis, le hoiread an riachtanais a dhearbhu maidir le riachtanas tithíochta dhaoine faoi mhíchumas a shásamh. Bhí dúshlán le sárú ansin féin agus ón tráth a nglactar go foirmeálta leis an Straitéis tabharfar faoi deara riachtanas breise ar fud Chontae na Gaillimhe. Ní mór comharoibriú dlúth dá réir sin idir na soláthraithe éagsúla cúraim agus an t-údarás tithíochta.

Tuigtear chomh maith go bhfuil daoine ina measc sin a úsáideann seirbhísí agus a mhaireann faoi láthair i dtimpeallacht comhchónaithe a meastar iad a bheith leochaileach ó thaobh cúrsaí leighis agus go dtiocfaidh a gcuid riachtanas faoi scáth an tsoláthraí cúraim go díreach i gcónaí. Beidh plean cúraim ardchaighdeáin atá dírithe ar an duine ina chúnamh maidir le riachtanais tithíochta na ndaoine sin san am atá romhainn, mar a bheidh i gcás na n-iarratasóirí tithíochta ar fad.

Ar na deacrachtaí eile ar tharraing an Grúpa Stiúrtha aird orthu le linn an Straitéis seo a chur le chéile, bhí siad seo a leanas;

- Fágann easpa cistíochta nach féidir seirbhísí cúnata a fhorbairt a ligfeadh do dhaoine níos mó neamhspleáchais a bheith acu ina slí maireachtála
- Goilleann sin freisin ar dhaoine a mbíodh ar a gcumas maireachtáil go neamhspleách ach ar géire an riachtanas acu mar gheall ar easláinte nó dul in aois agus nach bhfuil ar a gcumas seirbhísí taca a thapú sa chóiríocht ina bhfuil siad faoi láthair sa chaoi is go mbíonn leibhéal ard de chúnamh taca cónaitheach de dhíth orthu.
- Sa Tuarascáil maidir le Láithreacha Comhchónaithe, mar a ndéantar léirmhíniú ar an ábhar dúshlán a luaitear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Dhaoine faoi Mhíchumas, cuirtear dúshlán mór forbartha roimh na hionaid ina bhfuil líon ard daoine faoi mhíchumas a bhaineann úsáid as seirbhísí cónaitheacha.
- Is ábhar dúshlán toilteanas ginearálta phobal na tíre glacadh níos mó le daoine faoi

mhíchumas a thuiscint agus a threisiú agus teacht i dtír ar an bhfionn uilechuimsitheachta sin trí chóras tithíochta a chur i bhfeidhm a threisíonn leis an bpátrún. Tá an dul chun cinn maidir le huilechuimsitheacht le sonrú ar an reachtaíocht agus ar bheartas an rialtais agus ar thaithí dhaoine sa ghnáthphobal mar a mbítear toilteanach plé le daoine atá faoi chineálacha éagsúla míchumais i mbun na mbearta a ghabhann le caidreamh sóisialta. Mar gheall ar an nglacadh atá go forleathan leis gur ceist shóisialta seachas ceist leighis atá sa mhíchumas, éilítear go mbeadh ilchuimsitheacht ghinearálta, imeascadh agus áisiúlacht á gcur chun cinn le bearta sonracha na gcomhlachtaí reachtúla agus ón earnáil phobail. Beidh dúshlán ag baint leis sin i gcomhthéacs chúrsaí tithíochta ach is mór an tairbhe a thabharfar i gcrích leis don uile dhuine lena mbaineann

- Maidir le heaspa dídine agus lucht úsáide na seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas, tugadh an cheist seo a leanas chun suntais i ndáil le daoine fásta aonair atá gan dídean, agus a ngabhann de cheisteanna eile leis sin, a bheith deacair a thabhairt faoi deara. Cé nach mór an líon a tharlaíonn agus nach minic a thagann cás chun cinn, is é is dóiche gur ardú seachas ísliú a bheadh ag teacht ar an líon sin. Anuas air sin, is údar baoil agus inní ag roinnt daoine an t-easpa dídine, go háirithe dóibh siúd atá faoi mhíchumas meabhairshláinte, agus iad ag streachailt le maireachtáil go neamhspleách. Fágann an aois ina bhfuil cuid mhór de na daoine áirithe sin nach bhfuil siad i dteideal bearta cúnta de chineálacha éagsúla, mar shampla cúnamh ag baile. Díol suntais líon na dteaghlach i gcóiríocht éigeandála a bhfuil leanaí acu atá faoi mhíchumas foghlamtha agus an deacracht a bhíonn rompuan maidir le tithíocht oiriúnach a fháil.

---

## Deiseanna

---

Is sa bhreis ar aire fhisiciúil agus ar sholáthar tithíochta an fhorbairt leanúnach ar sheifteanna teicneolaíochta ach, ina ainneoin sin, ba cheart seifteanna den saghas sin a thabhairt san áireamh i gcónaí. Ní mór caidreamh a chothú le Gníomhaireachtaí Forbairt Pobail chun an Straitéis seo a thabhairt i gcrích.

Nóta – Is gné bhuntábhachtach de chóras tithíochta atá bunaithe sa phobal i gcoitinne an bhéim a leagtar ar dhaoine faoi mhíchumas a bheith ina gcónaí mar chuid den phobal. Déanann gníomhaireachtaí a dhéanann éascaíocht maidir le daoine faoi mhíchumas a thabhairt san áireamh ar chúrsaí agus ar chláir tairbhe shuntasach maidir le sláinte mheabhrach agus sláinte fhisiciúil dhaoine a chur chun cinn taobh istigh dá n-áras cónaithe féin.

---

## Úsáid na Teicneolaíochta

---

Is mór an dul chun cinn atá déanta maidir le teicneolaíocht don mhaireachtáil chuidithe ionas gur faide is féidir le daoine fanacht ina n-áras cónaithe agus níos mó neamhspleáchais a bheith sa saol acu an tráth céanna a mbíonn siad cinnte den chúnamh ón teicneolaíocht.

Ar na cineálacha teicneolaíochta ba chóir a thabhairt san áireamh, tá siad seo a leanas:

- 1 Córais don chianmhonatóireacht
- 2 Córais chun titim a sheachaint/a thabhairt chun aire
- 3 Córais aláraim pearsanta
- 4 Córais rialála maidir leis an timpeallacht maireachtála, bealaí isteach agus amach, soilse agus teas san áireamh.
- 5 Teacht mar is gá ar cheangal leathanbhanda agus ar an idirlíon ionas gur féidir córais seirbhíse atá bunaithe ar theicneolaíocht chúnta a thapú
- 6 An coincheap maidir le Tithíocht Chliste a chur i bhfeidhm i dtaca leis an gcúnamh taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre a mbíonn gá ag cuid mhór de lucht úsáide na seirbhísí leis ó thaobh cúrsaí monatóireachta agus slándála.

---

## Dearadh Uilíoch

---

Ba cheart dearadh uilíoch a bheith de phrionsabal le gach tionscadal forbraíochta lena mbaineann obair tógála as an nua agus a thabhairt i gceist le gach próiseas maidir le Plean Forbartha mar chur chuige lena dtabharfaí sábháil costais fadtéarmach i gcrích trí chostas iarfheistithe agus cóiriúcháin a sheachaint. Ba chóir go mbeadh Dearadh Uilíoch, nuair is féidir sin, ar an íosleibhéil sonraíochta i ndáil le gach hobair nua thógála agus gach áitreabh nua-éadála.

---

## Gníomhartha maidir leis an Straitéis a chur i bhFeidhm

---

Gníomhartha Beartaithe	An Gníomhaireacht	Páirtnéirí	Tráthchlár
------------------------	-------------------	------------	------------

	<b>Ceannródaíochta</b>		
Bainisteoir Tionscadail ar a leagtar an fhreagracht ghinearálta maidir leis an Straitéis a thabhairt i bhfeidhm a ainmniú taobh istigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe	Comhairle Chontae na Gaillimhe	FSS Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe	R2 2017
Daoine a ainmniú taobh istigh de na Ranna sin de chuid na Comhairle a bhaineann le hábhar ar a leagtar freagracht maidir leis an Straitéis a thabhairt i bhfeidhm	Comhairle Chontae na Gaillimhe		R3 2017
Caidreamh leis na geallsealbhóirí reachtúla agus deonacha ar fad a chothú le bearta éagsúla, mar shampla ceangal lena gcuid córais faisnéise, cuidiú le daoine faoi mhíchumas pleananna pearsanta a dhréachtadh nuair is gá sin, cuidiú le riachtanas neamhshásaithe a chlárú.	Comhairle Chontae na Gaillimhe	FSS Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe Grúpaí Abhcóideachta	Leanúnach
Maoirseacht a dhéanamh gach ráithe ar líon na n-áras a dháiltear ar dhaoine faoi mhíchumas d'fhonn cothromaíocht sa dáileachán a chinntiú.	Comhairle Chontae na Gaillimhe	FSS Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe Láithreacha Comhchónaithe	R3 2017
Féachaint leis an íoschéatadán atá le dáileadh ar dhaoine faoi mhíchumas i gcomhréir leis an Scéim Leithroinnt	Comhairle Chontae na Gaillimhe		Leanúnach

Tithíochta a chur ar bun agus a choinneáil ar siúl			
Caidreamh a chothú le geallsealbhóirí reachtúla agus deonacha d'fhonn feabhas a chur ar chaighdeán na faisnéise maidir le daoine gan dídean atá faoi mhíchumas	Comhairle Chontae na Gaillimhe	An Mheitheal Gníomhaireachta maidir le Daoine faoi Mhíchumas Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe COPE na Gaillimhe Clann Shíomóin na Gaillimhe Threshold	R3 2017
A chinntiú go mbíonn an Dearadh Uilíoch ina phrionsabal lárnach maidir le gach tionscadal tógála nua i gcúrsaí tithíochta.	Comhairle Chontae na Gaillimhe		Leanúnach
Cuidiú le modúl oiliúna idirghníomhaireachtaí i ndáil le cúrsaí míchumais do bhaill foirne de chuid na comhairle lena mbaineann agus tairbhe a bhaint as lón eolais an lucht úsáide lena aghaidh sin.	Comhairle Chontae na Gaillimhe		Leanúnach
Athbhreithniú ar bhonn bliantúil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise agus constaicí agus bacanna atá roimhe a thabhairt chun suntais	Comhairle Chontae na Gaillimhe	FSS Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe Láithreacha Comhchónaithe	R1 2017 & Leanúnach

## Tráthchlár & Modhanna Athbhreithnithe

---

Beidh tráthchlár leanúnach leis an Straitéis seo lena ngabhfaidh athbhreithniú de réir sceidil uair sa ráithe ar feadh a ré feidhme. Tá ag éirí go maith leis an modh oibre seo i ndáil le Cláir éagsúla maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil a thabhairt i bhfeidhm agus cuirfear in úsáid é i ndáil leis an Straitéis seo le clár tosaigh don tréimhse 2017-2020 a mbeidh spriocanna bliantúla á leagan síos le baint amach lena linn.

Déanfar athbhreithniú ar an bplean ag deireadh gach ráithe ionas go mbíonn tuairisc ar fáil ar an dul chun cinn maidir le gach ceann de na spriocanna a luaitear sa Straitéis. Tá buntábhacht, ó thaobh cloí leis an Straitéis agus an dea-thoradh a thabhairt i gcrích, le hathbhreithniú a dhéanamh ar obair na bliana, le cruinneas faisnéise a scrúdú agus le hiniúchadh ar thorthaí ionchais na hoibre atá beartaithe don bhliain dár gcionn.

Tá tábhacht ar leith maidir le ceapadh na Straitéise agus leis an bpróiseas athbhreithnithe le tuairimí na soláthraithe seirbhíse, díreach agus indíreach araon, agus, níos mó ná sin arís, le lón eolais ó na daoine atá faoi mhíchumas.



## **AGUISÍN A**

### **Comhaltaí Ghrúpa Stiúrtha Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le Cúrsaí Tithíochta agus Daoine faoi Mhíchumas**

- Michael Owens, Stiúrthóir Cúnta Seirbhísí, Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Gerard Scully, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Mary Forde, Oibrí Sóisialta Sinsearach, Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Eibhlin Ellis, Oibrí Sóisialta, Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Caroline Hannon, Oifigeach Cléireachais, Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Lorraine Kelly, Oibrí Sóisialta Sinsearach Meabhairshláinte, FSS an Iarthair.
- Mary G. Killion, An Príomh-Oibrí Sóisialta, Athshlánú & Biseach, FSS an Iarthair.
- Michael Keady, Comhordaitheoir Réigiúnach maidir le hAthshlánú, FSS an Iarthair.
- John Fitzmaurice, Bainisteoir Gnó, FSS an Iarthair.
- Mary O'Donnell, Bainisteoir Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas, FSS an Iarthair.
- Seán Conneally, Stiúrthóir Seirbhísí, Bráithre na Carthanachta.
- Clare Lenehan, Stiúrthóir Tionscadail maidir le Dualgas Cúraim, Enable Ireland.
- Marcella Flanagan, Bainisteoir Tithíochta, Clúid Housing, Gaillimh.
- Kathleen Aspel-Mortimer, Oifigeach Tithíochta, Clúid Housing, Gaillimh.
- Breda Crehan-Roche, POF, Ability West, Gaillimh.
- Martin O'Connor, Assistant POF, COPE, Gaillimh.
- Bill Griffin, POF, Clann Shíomóin na Gaillimhe.